Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT, 11 MEITHEAMH 2013 – MAIDIN 9.30-12.00

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- Freagair **cúig** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar an obair, ar an leagan amach agus ar an gcur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.
*(Le comhlánú ar Leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Seo thíos buiséad do theaghlach de Paor le haghaidh na gceithre mhí ó Iúil go Deireadh Fómhair 2013:

Is é an tAirgead ar Láimh Tosaigh ná €250.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Dáithí de Paor €2,200 glan in aghaidh na míosa agus tá súil aige le hardú de €200 glan in aghaidh na míosa ó 1 Lúnasa 2013.
- Tuilleann Rós de Paor €1,600 glan in aghaidh na míosa agus tá súil aici le bónas de €300 glan i mí Dheireadh Fómhair.
- Tá súil le sochar leanaí de €360 in aghaidh na míosa.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Is é an morgáiste tí ná €550 in aghaidh na míosa ach tiocfaidh **ardú** de €50 in aghaidh na míosa air ó 1 Lúnasa 2013.
- Is €70 in aghaidh na míosa atá ar an bpréimh árachais tí.
- Íocann teaghlach de Paor préimh árachais sláinte de €1,800 in aghaidh na bliana, iníoctha **go míosúil** ó 1 Iúil 2013.
- Ceaptar gur €1,200 in aghaidh na míosa a bheidh ar chostais teaghlaigh ach amháin i mí Lúnasa nuair a bheidh **laghdú** de €300 orthu.
- Úsáideann teaghlach de Paor an córas iompair phoiblí chun dul ar obair. Cosnaíonn ticéad traenach Dháithí €150 in aghaidh na míosa agus cosnaíonn ticéad bus Rós €110 in aghaidh na míosa.
- Ceaptar go mbeidh €115 i mí Lúnasa agus €130 i mí Dheireadh Fómhair ar an mbille teileafóin tí. Chomh maith leis sin, cosnóidh billí teileafón póca €60 in aghaidh na míosa ar an teaghlach.
- Ceaptar go mbeidh €180 i mí Lúnasa agus €250 i mí Dheireadh Fómhair ar bhillí le haghaidh solais agus teasa. Ceaptar go gcosnóidh ola teasa tí €950 i mí Mheán Fómhair.
- Beidh costais oideachais mar seo a leanas: cosnóidh táillí coláiste Gaeilge €550 i mí Iúil; cosnóidh éadaí scoile €750 i mí Lúnasa; cosnóidh leabhair scoile €450 i mí Mheán Fómhair agus cosnóidh turas scoile €650 i mí Dheireadh Fómhair.
- Cosnóidh siamsaíocht €220 gach mí ach amháin i mí Dheireadh Fómhair, nuair a chosnóidh sí €600 **sa bhreis** le haghaidh cóisir teaghlaigh.
- Tá saoire in áirithe ag teaghlach de Paor a chosnóidh €2,400. Caithfidh siad éarlais de €630 a íoc i mí Iúil agus an t-iarmhéid i mí Lúnasa.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh *(ar leathanach 9 den Leabhrán)* agus tú ag baint úsáide as na figiúirí go léir thuas. (50)

**(B)** Tá sé beartaithe ag teaghlach de Paor a seomra cónaithe a mhaisiú i mí na Samhna agus cosnóidh sé sin €3,000.
Luaigh cé acu a mbeidh an caiteachas seo seasta, neamhrialta nó roghnach. Mínigh do fhreagra.
*(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(C)** Ríomh an phréimh árachais tí bhliantúil a bheidh le híoc ag teaghlach de Paor. Taispeáin do fhreagea agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 10 agus 11 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Uan Tta ar an 31 Nollaig 2012, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 500,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar an 31 Nollaig 2012** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 532,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 371,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 3,950 | |
| Stoc Tosaigh ar an 1 Eanáir 2012 | 33,200 | |
| Pá | 69,600 | |
| Solas agus Teas | 23,600 | |
| Teileafón | 6,950 | |
| Cíos | 13,400 | |
| Fógraíocht | 15,550 | |
| Díbhinn Íoctha | 25,500 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 39,000 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 17,500 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 380,000 |
| Trealamh | 101,750 | |
| Innealra | 120,000 | |
| Feithiclí Mótair | 149,000 | |
| | 951,000 | 951,000 |

Ba é an Stoc Deiridh ar an 31 Nollaig 2012 ná €35,750.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh:

(i) **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** le haghaidh Uan Tta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012. *(Freagair ar lch. 10 den Leabhrán.)*

(ii) **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an 31 Nollaig 2012.
*(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)* (45)

**(B)** (i) Mínigh an téarma '**Díbhinn Íoctha**' sa Chomhardú Trialach thuas.
*(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)*

(ii) Ríomh an Brabús Comhlán mar chéatadán de Dhíolacháin ar Airgead Tirim agus tú ag baint úsáide as an bhfoirmle atá curtha ar fáil:

$$\frac{\text{Brabus Comhlán}}{\text{Diolacháin ar Airgead Tirim}} \times \frac{100}{1}$$

Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar lch. 11 den Leabhrán.)* (15)

**(60 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann leTomhaltóir agus le litir a scríobh**.
*(Le comhlánú ar leathanaigh 12 agus 13 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Ar an Sathairn, 6 Aibreán 2013, cheannaigh Séamas Ó Madáin, a chónaíonn i gCairbire, Éadan Doire, Co. Uíbh Fháilí, Citeal Leictreach nua Cresta Gan Sreang (Déanamh CCK 25) ó Yvonne Ní Dhuinn, Bainisteoir, An Stór Leictreach Tta, 10 Sráid na Siopaí, Tulach Mhór. Chosain sé €54.

D'oibrigh an citeal go breá nuair a bhain sé úsáid as maidin Dé Domhnaigh. Líon sé arís é sa tráthnóna chun uisce a bheiriú dá thae. Nuair a lasc sé air ní oibreodh sé. Rinne sé seiceáil ar an bplocóid, ar an bhfiús agus ar an gcábla ach ní fhéadfadh sé aon fhadhb a aimsiú. Lasc sé air an citeal arís ach fós ní oibreodh sé.



Ós rud é nach mbeadh sé sa Tulach Mhór arís go ceann coicíse scríobh sé litir chuig Yvonne Ní Dhuinn, dátaithe 8 Aibreáin 2013.

Sa litir, scríobh Séamas gur cheannaigh sé an citeal sa Stór Leictreach Tta agus mhínigh sé cad a tharla don chiteal. Dúirt sé go mbeadh sé ag filleadh ar an siopa leis an gciteal agus a admháil i gceann coicíse. Mar fhocal scoir dúirt sé, os rud é nach raibh an citeal ag obair, go mbeadh sé ag súil le citeal nua a fháil ina áit de réir na ndlíthe tomhaltais.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Séamas Ó Madáin chuig Yvonne Ní Dhuinn ar an 8 Aibreán 2013.
(*Freagair sa spás curtha ar fáil ar leathanach 12 den Leabhrán.)* (40)

**(B)** Cuir i gcás gur tusa Yvonne Ní Dhuinn, cén freagra a thabharfá ar an litir ó Shéamas Ó Madáin? Mínigh cúis **amháin** le do fhreagra.
**Nóta**: Ní gá **(B)** a fhreagairt i bhfoirm litreach.
*(Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (10)

**(C)** Ainmnigh **dhá** eagraíocht a chabhraíonn le tomhaltóir a bhfuil fadhb aige.
I **ngach** cás díobh, scríobh abairt **amháin** le míniú conas a dfhéadfadh an eagraíocht cabhrú leis an tomhaltóir.
*(Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (10)
**(60 marc)**

**4.** **Baineann an cheist seo le hÁrachas**.
*(Le comhlánú ar leathanaigh 14 agus 15 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Tá Eibhlín Nic Shuibhne, a chónaíonn ina teach féin ag 24 Páirc na Sailí, Gránard, Co. an Longfoirt, ag cur isteach ar árachas mótair le hÁrachas Beta Tta. Is í a huimhir theileafóin ná 043 7178332.

Is comhairleach margaíochta í Eibhlín agus beidh sí 34 bliana d'aois ar an 12 Deireadh Fómhair 2013. Cheannaigh sí a céad carr i 2004 agus tá láncheadúnas tiomána aici.

Tiomáineann sí Renault Clio faoi láthair, luacháilte ag €9,500. Is é a chláruimhir ná 09 LD 3392. Teastaíonn árachas cuimsitheach ó Eibhlín, le tosú ar an 1 Lúnasa 2013. Faoi láthair tá sí faoi árachas ag cuideachta eile, Árachas Uí Charra Tta. Chuir sí éileamh isteach ar €3,000 i 2010 de bharr damáiste a tharla dá carr nuair a sciorr ar an sneachta ar an mbóthar. Tá ceithre phointe pionóis tuillte aici as tiomáint róthapa.



Comhlánaíonn sí foirm thogra ar an 10 Meitheamh 2013.

**(A)** Comhlánaigh foirm thogra Eibhlín le haghaidh árachas mótair (*ag baint úsáide as an bhfoirm thogra bhán atá curtha ar fáil ar leathanach 14 den Leabhrán*). (24)

**(B)** Tá luach €180,000 curtha ar theach Eibhlín agus luach €40,000 ar an inneachar. Tá aláram buirgléara suiteáilte aici. Ar an 2 Meitheamh 2013, fuair sí an luachan árachais seo a leanas:

| **Árachas Uí Chléirigh Tta**<br>**An tSráid Ard, An Longfort**<br>**Luachan Árachais – 31 Bealtaine 2013** | |
|---|---|
| Foirgnimh | €27.50 an €10,000 |
| Inneachar | €8.25 an €1,000 |
| Aláram Buirgléara Suiteáilte | Lascaine 5% |

(i) Agus tú ag baint úsáide as an eolas atá ar fáil sa luachan árachais, ríomh glanchostas iomlán ar theach Eibhlín Nic Shuibhne agus an inneachar a chur faoi árachas.

Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. (*Freagair ar leathanach 15 den Leabhrán.*)

(ii) Ghlac Eibhlín leis an luachan thuas agus d'íoc sí an méid iomlán arlíne le hÁrachas Uí Chléirigh Tta lena cárta dochair. Ar an 6 Meitheamh 2013, sheol Árachas Uí Chléirigh Tta Admháil (Uimh, 4438), sínithe ag Séamas Ó Cléirigh, chuig Eibhlín. Comhlánaigh an Admháil ag baint úsáide as an doiciméad bán atá curtha ar fáil (*ar leathanach 15 den Leabhrán*). (24)

**(C)** Freagair **gach** ceist díobh seo a leanas (*ar leathanach 15 den Leabhrán*):

(i) Nuair a bhíonn foirm thogra á chomhlánú, ní mór don duine atá ag lorg árachais na fíricí ábhartha go léir a scríobh síos go fírinneach. Cad a thugtar ar an bprionsabal árachais seo?

(ii) I gcás caillteanais, cad is féidir le duine atá faoi árachas a éileamh ón gcuideachta árachais?

(iii) Cén teideal a thugtar ar an duine a chuireann an cuideachta árachais amach chun méid an chaillteanais a mheas? (12)

**(60 marc)**

**5.** **Baineann an cheist seo le Doiciméid Ghnó**.
*(Le comhlánú ar leathanaigh 16 agus 17 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Tá Seán Ó Briain ina Bhainisteoir Ceannacháin ag Spóirt na Mumhan Tta. Ar an 15 Feabhra 2013, fuair sé an Luachan seo a leanas:

# Mórdhíoltóirí GaelachaTta

**Luachan Uimh. 5432**

**Páirc Miondíola Uí Chinnéide, An tAonach, Co. Thiobraid Árann**

Teileafón: 067-541735
Facs: 067-541777
r-phost: gaelach@tiob.com

Cláruimhir CBL. IE7457939

14 Feabhra 2013

An Bainisteoir Ceannacháin
Spóirt na Mumhan Tta
An tSráid Mhór
Dún Garbhán
Co. Phort Láirge

| CÓDUIMHIR | TUAIRISC | PRAGHAS AN CEANN € | SEACHADADH |
|---|---|---|---|
| CH718 | Geansaí Iomána an Chláir | 60.00 | Réidh |
| WJ123 | Geansaí Iomána Phortláirge | 52.00 | Réidh |
| CJ004 | Geansa Iomána Chorcaí | 46.00 | Réidh |
| TJ564 | Geansaí Iomána Thiobraid Árann | 54.00 | Réidh |

Lascaine Thrádála 15% ar gach earra
CBL 25% ar gach earra
Carraeireacht Íoctha
Le glacadh laistigh de 30 lá

Cinneann Seán go bhfuil geansaithe iomána an Chláir ródhaor. Seolann sé Ordú (Uimh. 138) chuig Mórdhíoltóirí Gaelacha Tta le haghaidh **100 Geansaí Iomána Phort Láirge**, **50 Geansaí Iomána Chorcaí agus 150 Geansaí Iomána Thiobraid Árann**.

Seachadtar na hearraí seo i veain chuig Spóirt na Mumhan Tta ar an 20 Feabhra 2013. Seiceálann Seán na hearraí nuair a thagann siad agus faigheann sé amach gur seachadadh gach rud a d'ordaigh sé. Tugann an t-iománaí veain Sonrasc Uimh. 629 dó, dar dáta 20 Feabhra 2013.

**(A)** (i) Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 629 *(ar lch 16 den Leabhrán)*.

(ii) Luaigh cúis **amháin** gur doiciméad tábhachtach é Sonrasc.
*(Freagair ar leathanach 17 den Leabhrán.)* (36)

**(B)** Ansin scríobhann Seán amach seic (Uimh. 25463), dar dáta 20 Feabhra 2013, atá sínithe aige féin ar son Spóirt na Mumhan Tta, mar íocaíocht iomlán ar na hearraí. Tugann sé don tiománaí é le tabhairt ar ais chuig Mórdhíoltóirí Gaelacha Tta. Comhlánaigh an seic agus an comhdhuille ag baint úsáide as an doiciméad bán atá curtha ar fáil *(ar leathanach 17 den Leabhrán)*. (15)

**(C)** Iontráil an íocaíocht seic i gcuntas bainc Spóirt na Mumhan Tta.
*(Bain úsáid as ceann amháin de na Cuntais Bhainc ar leathanach 17 den Leabhrán)*. (9)

**(60 marc)**

**6.** **Baineann an cheist seo le Cuntas Club**.
*(Le comhlánú ar leathanaigh 18 agus 19 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Baineann Club Gailf Cois Locha úsáid as Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Miondealaithe (Leabhar Airgid Miondealaithe).

- Ritheann an club comórtais dá bhaill agus eagraíonn sé tráth na gceist boird chun airgead a chruinniú.
- Lóisteáiltear pé airgead a fhaightear i gcuntas reatha bainc ar an lá céanna.
- Déantar gach íocaíocht le seic.
- Is í an táille bhallraíochta bhliantúil ná €150.



Ar an 1 Márta 2013, bhí iarmhéid de €570 ag an gClub sa bhanc.

Bhí na bearta seo a leanas ag an gclub i rith mhí an Mhárta 2013:

Márta 2 Íocadh as duaiseanna comórtais €270. (Seic Uimh. 213)
3 Fuarthas táille bhallraíochta bhliantúil ó 30 ball.
7 Fuarthas táillí iontrála comórtais €525.
9 Íocadh as póstaeir fógraíochta le haghaidh tráth na gceist boird €90. (Seic Uimh. 214)
11 Íocadh as duaiseanna le haghaidh tráth na gceist boird €120. (Seic Uimh. 215)
12 Íocadh pá le feighlithe plásóige €950. (Seic Uimh. 216)
13 Oíche thráth na gceist boird: bhí 15 boird páirteach ar €30 an bord.
16 Fuarthas táille bhallraíochta bhliantúil ó 20 ball.
18 Íocadh as deisiúcháin ar lomaire plásóige €175. (Seic Uimh. 217)
19 Íocadh as trófaithe comórtais €290. (Seic Uimh. 218)
21 Fuarthas táillí iontrála comórtais €330.
26 Íocadh pá le feighlithe plásóige €900. (Seic Uimh. 219)
29 Fuarthas táille bhallraíochta bhliantúil ó 10 mball.

**(A)** Breac go hiomlán Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Miondealaithe (Leabhar Airgid Miondealaithe) Club Gailf Cois Locha le haghaidh mhí an Mhárta 2013 (*ar leathanach 18 den Leabhrán*).
Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas ar na colúin airgid:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**:
Banc Comórtais Tráth na gCeist Boird Táillí Bhallraíochta

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí)**:
Banc Comórtais Tráth na gCeist Boird Pá Eile

Suimigh gach colún anailísithe agus comhardaigh na Colúin Bhainc ag deireadh an Mhárta. (43)

**(B)** Ríomh an barrachas nó an t-easnamh a rinne an club ar thráth na gceist boird i rith mhí na Márta. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 19 den Leabhrán).* (7)

**(C)** Mínigh **dhá** dhualgas a bhíonn ar chisteoir club *(ar leathanach 19 den Leabhrán).* (10)

**(60 marc)**

**7.**


**Baineann an cheist seo le Trádáil Eachtrach, le Boilsciú agus leis an mBuiséad Náisiúnta.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 20 agus 21 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** (i) Mínigh an téarma '**allmhairí**'. *(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(ii) Mínigh **dhá** bhuntáiste d'Éirinn a bhaineann le hallmhairí *(ar lch. 20 den Leabhrán)*. (12)

**(B)** Taispeánann an graf seo a leanas an **ráta boilscithe** i dtír do na blianta 2007-2012:




Agus tú ag baint úsáide as an ngraf thuas, freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Sainaithin an bhliain ina raibh an ráta ab airde boilscithe *(ar leathanach 20 den Leabhrán).*

(ii) Sainaithin an bhliain ina raibh an ráta ab ísle boilscithe. *(ar leathanach 20 den Leabhrán).*

(iii) Ríomh an meánráta boilscithe do na sé bliana sin. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 20 den Leabhrán).*

(iv) Má bhí pá €450 in aghaidh na seachtaine ag duine i 2010, ríomh cé mhéad a bheadh ag teastáil ón duine sin in aghaidh na seachtaine i 2011 chun coimeád suas leis an mboilsciú.

Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 20 den Leabhrán).* (18)

**Tá Cuid (C) den cheist seo ar an gcéad leathanach eile**

**(C)** B’iad na figiúirí seo a leanas réamh-mheastachán an Rialtais Ildaite i gcomhair Buiséad Náisiúnta 2013:

| **Caiteachas Pleanáilte** | **€ Milliúin** |
|---|---|
| Oideachas | 4,500 |
| Seirbhísí Sláinte | 8,200 |
| Leas Soisialta | 3,900 |
| Dlí agus Ceart | 1,500 |
| **Ioncam Pleanáilte** | |
| ÍMAT | 6,250 |
| Dleachtanna Máil | 3,700 |
| CBL | 4,150 |
| Cáin Chorparáide | 2,500 |

(i) Ullmhaigh an Buiséad Náisiúnta do don bhliain 2013 ón eolas thuas *(ar leathanach 21 den Leabhrán)*.

(ii) Luaigh cé acu an buiséad ‘barrachais’ nó buiséad ‘easnaimh’ é *(ar leathanach 21 den Leabhrán)*.

(iii) Cé acu Roinn Rialtais a ullmhaíonn an Buiséad Náisiúnta?
*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)*

(iv) Gach bliain caitheann Rialtas na hÉireann suimeanna móra airgid ar Oideachas.
Tabhair **dhá** shampla de chaiteachas an Rialtais ar Oideachas.
*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)* (30)

**(60 marc)**

**Tá Ceist 8 ar an gcéad leathanach eile**

**8.**

**Ceist í seo a bhainean le Margaíocht agus Tionscnamh (Cur Chun Cinn) Díolacháin**.
*(Le comhlánú ar leathanaigh 22 agus 23 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Díolann Teagmháil Tta fóin póca i gcontaetha an iarthair. I 2012, bhí díolachán na bhfón póca i ngach contae mar seo a leanas:

| **Contae**: | MAIGH EO | SLIGEACH | GAILLIMH | AN CLÁR | LIATROIM | ROS COMÁIN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cainníocht**: | 4,500 | 3,000 | 6,500 | 2,500 | 1,000 | 2,000 |

Díolann an cuideachta a bhfóin póca ar €40.00 an ceann.

**(A)** Taispeáin an t-eolas thuas i bhfoirm **Barrachairt**. (*Bain úsáid as an ngrafpháipéar ar leathanach 22 den Leabhrán.*) (23)

**(B)** (i) Ríomh luach na ndíolachán iomlán fón póca do Theagmháil Tta i gContae na Gaillimhe i 2012. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 22 den Leabhrán).*

(ii) Ríomh luach na ndíolachán iomlán fón póca do Theagmháil Tta i ngach contae san iarthar i 2012. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 23 den Leabhrán).* (16)

**(C)** Tá ainm branda ar gach fón póca a dhíolann Teagmháil Tta. Úsáideann an cuideachta urraíocht, tairiscintí speisialta agus ceistneoirí go rialta.

Mínigh go soiléir **trí cinn** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu *(ar lch. 23 den Leabhrán).* (21)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán